*Uimhir* 38 *de* 2006

# AN tACHT UM BORD SCANNÁN NA hÉIREANN (LEASÚ) 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT


Alt

1. Leasú ar alt 10 den Acht um Bord Scannán na hÉireann 1980.

2. Gearrtheideal agus comhlua.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht um Bord Scannán na hÉireann (Leasú) 2000 | 2000, Uimh. 35 |
| An tAcht um Bord Scannán na hÉireann 1980 | 1980, Uimh. 36 |
| Na hAchtanna um Bord Scannán na hÉireann 1980 go 2006 | |

*Uimhir* 38 *de* 2006

# AN tACHT UM BORD SCANNÁN NA hÉIREANN (LEASÚ) 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA UM BORD SCANNÁN NA hÉIREANN 1980.

[23 *Nollaig*, 2006]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar alt 10 den Acht um Bord Scannán na hÉireann 1980.

**1**.—Leasaítear alt 10 den Acht um Bord Scannán na hÉireann 1980 trí "€200,000,000" a chur in ionad "£80,000,000" (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht um Bord Scannán na hÉireann (Leasú) 2000) agus tá an t-alt sin 10, arna leasú amhlaidh leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

Ní mó ná €200,000,000 comhiomlán aon infheistíochtaí, iasachtaí, deontas nó airgid a sholáthróidh an Bord faoi ailt 6 agus 8 den Acht seo, i dteannta chomhiomlán na príomhshuime agus an úis a dhlífidh an Bord aon tráth áirithe a aisíoc ar scór aon ráthaíochta faoi alt 7 den Acht seo a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, i dteannta méid na príomhshuime agus an úis (más ann) a bheidh íoctha cheana féin ag an mBord ar scór aon ráthaíocthaí agus nach mbeidh aisíoctha leis an mBord.

Gearrtheideal agus comhlua.

**2**.—(1) Féadfar an tAcht um Bord Scannán na hÉireann (Leasú) 2006 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Bord Scannán na hÉireann 1980 go 2006 a ghairm de na hAchtanna um Bord Scannán na hÉireann 1980 go 2000 agus den Acht seo le chéile.